

An Bhruiséil, 24 Meitheamh 2026  
(OR. en)

11081/26

ENER 442  
ENV 818  
CONSOM 213  
COMPET 839

## NÓTA CLÚDAIGH

|                           |                                                                                                                                                                                               |
|---------------------------|-----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| ó:                        | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir                                                                                                                 |
| dáta a fuarthas:          | 24 Meitheamh 2026                                                                                                                                                                             |
| chuig:                    | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh                                                                                                                                     |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 319 final                                                                                                                                                                           |
| Ábhar:                    | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE<br>Tuarascáil ar chur chun feidhme Rialachán (AE) 2017/1369 lena leagtar amach creat i gcomhair lipéadú fuinnimh |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 319 final.

Faoi iamh: COM(2026) 319 final



AN COIMISIÚN  
EORPACH

An Bhruiséil, 24.6.2026  
COM(2026) 319 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS  
CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**Tuarascáil ar chur chun feidhme Rialachán (AE) 2017/1369 lena leagtar amach creat i  
gcomhair lipéadú fuinnimh**

## 1. RÉAMHRÁ

### 1.1. Comhthéacs beartais agus dlíthiúil

Glacadh an chéad ghníomh foirmiúil de chuid an Aontais maidir le faisnéis do thomhaltóirí faoi éifeachtúlacht fuinnimh na bhfearas 50 bliain ó shin, tar éis ghéarchéim ola 1973<sup>(1)</sup>. Tháinig an chéad chreat de chuid an Aontais um lipéadú fuinnimh ina dhiaidh sin in 1979, creat a athbhreithníodh agus a feabhsaíodh trí huaire ó shin, den uair dheireanach in 2017. Idir an dá linn, chuir tomhaltóirí eolas maith ar Lipéad Fuinnimh an Aontais agus tá meas acu air. Fuarthas amach in Eorabharaiméadar 2024<sup>(2)</sup> gur luaigh 75 % de dhaoine go mbíonn tionchar díreach ag an lipéad fuinnimh ar a gcinntí ceannaigh agus fearais tí á gceannach acu.

Soláthraíonn lipéid fuinnimh an Aontais faisnéis shothuigthe chun éileamh ar tháirgí níos éifeachtúla agus forbairt na dtáirgí sin a spreagadh. Oibríonn siad in éineacht le híoscheanglais éifeachtúlachta fuinnimh agus ceanglais eile a glacadh faoi chreat éicidhearthóireachta an Aontais. Faoi láthair, rialaíonn an tAontas os cionn 30 grúpa táirgí faoin éicidhearthóireacht a bhfuil lipéad fuinnimh ag 15 díobh<sup>(3)</sup>. Le chéile, meastar gur laghdaigh na beartais sin meánbhíllí fuinnimh teaghlaigh thart ar EUR 317 in 2024, rud atá le méadú go EUR 480 faoi 2030 agus meastar go gcuirfidh an lipéad le meánchoigilteas measta 27 % agus go dtiocfaidh an chuid is mó de ón éicidhearthóireacht<sup>(4)</sup>.

Is é Airteagal 194 den Chonradh bunús dlí an Rialacháin lena leagtar amach creat i gcomhair lipéadú fuinnimh<sup>(5)</sup>. Sa Rialachán lena leagtar amach creat i gcomhair lipéadú fuinnimh leagadh amach rialacha maidir le lipéid tháirgeshonracha a chruthú trí ghníomhartha tarmligthe. Forchuirtear leis oibleagáidí áirithe ar sholáthróirí (monaróirí, allmhaireoirí agus ionadaithe údaráithe) agus ar dhéileálaithe a mhéid a bhaineann le lipéid agus faisnéis chaighdeánaithe faoi tháirgí a sholáthar agus a thaispeáint. D'eisigh an Coimisiún dhá fhógra ina raibh soiléirithe sonracha: ceann maidir le cur chun feidhme le linn phaindéim COVID-19<sup>(6)</sup> agus ceann eile in 2024 maidir le tásca raon an lipéadaithe fuinnimh agus na haicme tar éis rialú dochrach ón gCúirt<sup>(7)</sup>.

### 1.2. Na príomhathruithe ar athbhreithniú 2017 ar an gcreat i gcomhair lipéadú fuinnimh

Le hathbhreithniú 2017, athraíodh an creat ó threoir go rialachán agus modhnaíodh na rialacha a bhí ann cheana chun (i) foráil a dhéanamh maidir le lipéid a athscálú de réir a chéile go dtí an scála A-G coitianta, (ii) faireachas margaidh a neartú agus (iii) clárú

---

<sup>(1)</sup> Moladh 76/496/CEE ón gComhairle an 4 Bealtaine 1976 maidir le húsáid réasúnach fuinnimh d'fhearaí leictreacha teaghlaigh, IO L 140, 28.5.1976, lgh. 18–19.

<sup>(2)</sup> [Eorabharaiméadar Speisialta 555 2024](#).

<sup>(3)</sup> [https://energy-efficient-products.ec.europa.eu/product-list\\_ga](https://energy-efficient-products.ec.europa.eu/product-list_ga).

<sup>(4)</sup> Tuarascáil forléargais ar Chuntasaíocht Tionchair na hÉicidhearthóireachta 2025, <https://circabc.europa.eu/ui/group/418195ae-4919-45fa-a959-3b695c9aab28/library/c06608a7-9e47-4737-b0d2-da9aec097171/details>.

<sup>(5)</sup> Rialachán (AE) 2017/1369 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an Dé Máirt 4 Iúil 2017 lena leagtar amach creat i gcomhair lipéadú fuinnimh agus lena n-aisghairtear Treoir 2010/30/AE (IO L 198, 28.7.2017, lch. 1).

<sup>(6)</sup> Fógra [2020/C 182/02](#) ón gCoimisiún, IO C 183, 2.6.2020.

<sup>(7)</sup> [Cás C-761/22](#).

éigeantach a thabhairt isteach i mbunachar sonraí táirgí uile-Aontais (an Bunachar Sonraí Táirgí Eorpach um Lipéadú Fuinnimh - EPREL<sup>(8)</sup>) mar réamhchoinníoll chun múnla a chur ar an margadh. Faoin gcreat nua tugadh isteach ocht lipéad athbhreithnithe nó nua. Tá na lipéid sin neodrach ó thaobh teanga de, tá cuma nuachóirithe orthu agus tá cód QR iontu a nascann le faisnéis faoin múnla in EPREL. Den chéad uair riamh, áirítear le cuid díobh íocóin faisnéise maidir le indeisitheacht nó gnéithe marthanachta.

### 1.3. Raon feidhme na tuarascála seo

Le hAirteagal 19 den Rialachán maidir le Lipéadú Fuinnimh cuireadh de chúram ar an gCoimisiún tuarascáil maidir le cur chun feidhme an Rialacháin a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, ina ndéanfar measúnú ar *‘a éifeachtaí a bhí an Rialachán sin agus na gníomhartha tarmligthe agus gníomhartha cur chun feidhme a glacadh dá bhun maidir le custaiméirí a chumasú chun táirgí níos éifeachtúla a roghnú, lena gcuirfear san áireamh a thionchar ar ghnó, idiú fuinnimh, astaíochtaí gás ceaptha teasa, gníomhaíochtaí faireachais margaidh, agus an costas a bhaineann leis an mbunachar sonraí a bhunú agus a choinneáil ar bun’*.

Rinneadh measúnú mionsonraithe faoin gcreat seo ar thionchair ar ghnólachtaí, ar úsáid fuinnimh agus ar astaíochtaí le haghaidh gach gníomh sonrach ó thaobh an táirge de, léargas comhiomlán a thugtar sa tuarascáil seo. Déantar anailís ar bhreis gnéithe cothrománacha mar chuid den Mheasúnú Tionchair a ghabhann leis an togra simpliúcháin *omnibus* maidir le reachtaíocht faoi tháirgí atá éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de, a glacadh i gcomhthráth leis an tuarascáil seo a dhéanann eolas di. Glactar tuarascáil ar leithligh maidir le cur chun feidhme an Rialacháin maidir le Lipéadú Bonn (Rialachán (AE) 2020/740) i gcomhthráth leis an tuarascáil seo.

Dá bhrí sin, díritear sa tuarascáil seo go háirithe ar na hábhair seo a leanas:

- Dul chun cinn maidir le hathscálú agus lipéid nua a thabhairt isteach
- An próiseas athscálaithe lipéid (an t-aistriú ón seanlipéad go dtí an lipéad nua)
- An bunachar sonraí táirgí (agus an costas agus na tairbhí gaolmhara)
- Faireachas margaidh
- An lipéad mar uirlis le haghaidh margaí ceannasacha do tháirgí éifeachtúla
- A éifeachtaí a bheidh na lipéad fuinnimh nua.

### 1.4. Bonn anailíseach

Cuireann an tuarascáil seo go háirithe le suirbhé<sup>(9)</sup> ina raibh sampla de 20,073 tomhaltóir a cheannaigh ceann amháin ar a laghad – agus trí cinn ar a mhéad – de na cineálacha táirgí a cumhdaíodh le 2 bhliain anuas, a rinneadh ar fud 10 mBallstát den Aontas: Poblacht na Seice, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Iodáil, an Ísiltír, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin agus an tSualainn. Áiríodh sa suirbhé freisin sampla de 204 sholáthróir agus 207 miondíoltóir táirgí a bhfuil lipéad fuinnimh orthu sna grúpaí táirgí ar a bhfuil na lipéid nua, agus 123 úsáideoir gairmiúla fearas cuisniúcháin tráchtála chun an lipéad nua a thástáil ina leith sin.

---

<sup>(8)</sup> <https://eprel.ec.europa.eu>.

<sup>(9)</sup> [Staidéar ar thuiscint tomhaltóirí ar lipéid fuinnimh an Aontais a cuireadh i bhfeidhm ó 2011 i leith.](#)

Fuarthas ionchur sa tuarascáil seo ó 14 Bhallstát<sup>(10)</sup> san Fhóram Comhairliúcháin um Éicidhearthóireacht agus um Lipéadú Fuinnimh<sup>(11)</sup> (EELCF) agus/nó sa Sainghrúpa um Chomhar Riaracháin maidir le lipéadú fuinnimh agus éicidhearthóireacht<sup>(12)</sup> agus ó 7 gcomhalta eile de chuid an Fhórait Comhairliúcháin um Éicidhearthóireacht agus um Lipéadú Fuinnimh<sup>(13)</sup>. Baintear leas san anailís freisin as sonraí ó EPREL, ón gCóras Faisnéise agus Cumarsáide maidir le Faireachas Margaidh (ICSMS)<sup>(14)</sup> agus ó anailísí agus acmhainní eile atá ar fáil go poiblí.

## 2. DUL CHUN CINN MAIDIR LE HATHSCÁLÚ AGUS LIPÉID NUA A THABHAIRT ISTEACH

Leis an Rialachán maidir le Lipéadú Fuinnimh cuireadh de chúram ar an gCoimisiún gach lipéad fuinnimh a bhí i bhfeidhm an 1 Lúnasa 2017 a athbhreithniú agus a athscálú agus tugadh de chumhacht dó lipéid nua a thabhairt isteach. Leag sé amach sceideal chun athbhreithniú a dhéanamh ar na lipéid a bhí ann cheana faoi mhí Lúnasa 2018 (ag tosú le grúpa tosaíochta: meaisíní níocháin, niteoir-triomadóirí, miasniteoirí, cuisneoirí, foinsí solais agus taispeántí leictreonacha). Leag sé síos sprioc-am ginearálta i mí Lúnasa 2023 maidir le hathscálú agus sprioc-am níos faide i mí Lúnasa 2025 maidir le coirí breosla sholadaigh, téitheoirí spáis agus téitheoirí uisce<sup>(15)</sup>.

Cuireadh athscálú an ghrúpa tosaíochta i gcrích i mí an Mhárta 2019 agus bhí lipéid ar taispeánt ar líne agus i siopaí ón 1 Márta 2021<sup>(16)</sup>. Le rialachán omnibus ceartaíodh saincheistanna teicniúla a bhain leis na rialacha sin díreach in am don dáta sin<sup>(17)</sup>.

| Staid na himeartha maidir le hathbhreithnithe ar lipéid atá sonracha ó thaobh an táirge de faoin Rialachán maidir le Lipéadú Fuinnimh |                                          |                                                                      |                                     |                                    |         |
|---------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|------------------------------------------|----------------------------------------------------------------------|-------------------------------------|------------------------------------|---------|
| Grúpa táirgí                                                                                                                          | Tagairt                                  | Sprioc-am an athbhreithnithe sa Rialachán maidir le Lipéadú Fuinnimh | Teacht i bhfeidhm don athbhreithniú | Dáta chur i bhfeidhm an lipéid nua | Stádas  |
| Taispeántí leictreonacha (lena n-áirítear teilifíseáin)                                                                               | <a href="#">Rialachán (AE) 2019/2013</a> | 2018-08-02                                                           | 2019-03-31                          | 2021-03-01                         | Glactha |
| Meaisíní níocháin/niteoir-triomadóirí                                                                                                 | <a href="#">Rialachán (AE) 2019/2014</a> | 2018-08-02                                                           | 2019-03-31                          | 2021-03-01                         | Glactha |
| Foinsí solais                                                                                                                         | <a href="#">Rialachán (AE) 2019/2015</a> | 2018-08-02                                                           | 2019-03-31                          | 2021-09-01                         | Glactha |

<sup>(10)</sup> AT, BG, DE, DK, EE, IE, IT, LT, LV, NL, PT, SI, NO, IS.

<sup>(11)</sup> [Clár de Ghrúpaí Saineolaithe an Choimisiúin](#).

<sup>(12)</sup> [Liosta na ngrúpaí comhair riaracháin](#).

<sup>(13)</sup> APPLIA, Digital Europe, EHI, EHPA, EPEE, EuroCommerce, Lighting Europe.

<sup>(14)</sup> [ICSMS](#).

<sup>(15)</sup> Ba cheart breathnú ar na spriocdhátaí sin mar chomhlánú ar na dátaí athbhreithnithe cúig bliana a leagadh amach sna gníomhartha tarmilgthe le haghaidh gach táirge.

<sup>(16)</sup> Bhí an lipéad athscálaithe le haghaidh táirgí soilisithe ar taispeánt i siopaí ón 1 Meán Fómhair 2021.

<sup>(17)</sup> [Rialachán \(AE\) 2021/340](#).

|                                                             |                                              |            |            |            |                                                              |
|-------------------------------------------------------------|----------------------------------------------|------------|------------|------------|--------------------------------------------------------------|
| Cuisneoirí tí                                               | <a href="#">Rialachán (AE) 2019/2016</a>     | 2018-08-02 | 2019-03-31 | 2021-03-01 | Glactha                                                      |
| Miasniteoirí tí                                             | <a href="#">Rialachán (AE) 2019/2017</a>     | 2018-08-02 | 2019-03-31 | 2021-03-01 | Glactha                                                      |
| Fearais chuisniúcháin ag a bhfuil feidhm díolacháin dhírigh | <a href="#">Rialachán (AE) 2019/2018</a>     | Nua        | Nua        | 2021-03-01 | Glactha                                                      |
| Fóin chliste agus táibléid                                  | <a href="#">Rialachán (AE) 2023/1669</a>     | Nua        | Nua        | 2025-06-20 | Glactha                                                      |
| Folúsghlantóirí                                             | Lipéad a chuir an Chúirt ar neamhniú in 2018 | -          | -          | -          | An atabhairt isteach á ullmhú <a href="#">Cloisimis uait</a> |
| Triomadóirí rothlaim                                        | <a href="#">Rialachán (AE) 2023/2534</a>     | 2023-08-02 | 2023-11-22 | 2025-07-01 | Glactha                                                      |
| Oighinn agus cochaill eastarraingthe                        | <a href="#">Rialachán (AE) 65/2014</a>       | 2023-08-02 | -          | -          | Á ullmhú <a href="#">Cloisimis uait</a>                      |
| Aeráil chónaithe                                            | <a href="#">Rialachán (AE) 1254/2014</a>     | 2023-08-02 | -          | -          | Á ullmhú <a href="#">Cloisimis uait</a>                      |
| Cófraí cuisniúcháin stórála tionsclaíoch                    | <a href="#">Rialachán (AE) 2015/1095</a>     | 2023-08-02 | -          | -          | Á ullmhú <a href="#">Cloisimis uait</a>                      |
| Aerchóiritheoirí lena n-áirítear teaschaidéil aer go haer   | <a href="#">Rialachán (AE) 626/2011</a>      | 2023-08-02 | -          | -          | Á ullmhú <a href="#">Cloisimis uait</a>                      |
| Téitheoirí spáis áitiúla                                    | <a href="#">Rialachán (AE) 2015/1186</a>     | 2023-08-02 | -          | -          | Á ullmhú <a href="#">Cloisimis uait</a>                      |
| Téitheoirí spáis agus comhthéitheoirí                       | <a href="#">Rialachán (AE) 811/2013</a>      | 2025-08-02 | -          | -          | Á ullmhú <a href="#">Cloisimis uait</a>                      |
| Coirí breosla sholadaigh                                    | <a href="#">Rialachán (AE) 2015/1187</a>     | 2025-08-02 | -          | -          | Á ullmhú <a href="#">Cloisimis uait</a>                      |
| Téitheoirí uisce                                            | <a href="#">Rialachán (AE) 812/2013</a>      | 2025-08-02 | -          | -          | Á ullmhú <a href="#">Cloisimis uait</a>                      |

Rinneadh an lipéad folúsghlantóra a neamhniú le rialú ón gCúirt Ghinearálta in 2018<sup>(18)</sup> agus dá bhrí sin níl sé i bhfeidhm a thuilleadh. Tá obair ar siúl freisin ar lipéid fuinnimh nua a d'fhéadfadh a bheith ann le haghaidh (i) modúil fhótavoltacha, (ii) folúsghlantóirí,

<sup>(18)</sup> [Cás T-544/13](#).

(iii) ríomhairí, (iv) astaíróirí teasa ísealteochta (radaitheoirí), (v) miasnitéoirí gairmiúla agus (vi) fearais níocháin ghairmiúla.

Leagadh amach go mion sa Rialachán maidir le Lipéadú Fuinnimh an próiseas athbhreithnithe le haghaidh lipéad fuinnimh an Aontais agus leanann sé na rialacha maidir le rialáil níos fearr. Is éard atá i gceist leis obair chun (i) an margadh a thuiscint mar chuid d'athbhreithniú, (ii) modheolaíochtaí tástála in-atairgthe ionadaíocha a fhorbairt, (iii) ionchur a bhailiú ón bhfóram comhairliúcháin agus (iv) meastóireacht agus measúnú tionchair a thabhairt ar aird. Foilseofar an dréachtghníomh ansin chun aiseolas a fháil ó gheallsealbhoirí agus cuirfear in iúl don Eagraíocht Dhomhanda Trádála é. Rachfar i gcomhairle le saineolaithe ó na Ballstáit sula nglacfaidh an Coimisiún é. Tabharfaidh an Coimisiún fógra faoin ngníomh do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle. Ar deireadh, foilseofar an gníomh san *Iris Oifigiúil* agus tiocfaidh sé i bhfeidhm ar choinníoll nach ndéanfaidh ceachtar den dá institiúid agóid ina choinne. Mhair athbhreithniú na lipéad fuinnimh a athbhreithníodh in 2019 idir 4 bliana agus 5 bliana, ó thús an athbhreithnithe go dtí gur foilsíodh iad. Ó shin i leith, tá an dul chun cinn níos moille de ghnáth mar gheall ar obair chomhuaineach ar EPREL, imeachtaí cúirte, éigeandálaí a bhaineann le COVID-19 agus géarchéim fuinnimh 2022 agus athchaibidlíocht an chreata éicidhearthóireachta.

Go dtí seo, glacadh naoi gcinneadh nó teachtaireacht inar tagraíodh do chaighdeán chomhchuibhithe maidir le toimhde comhréireachta faoin Rialachán maidir le Lipéadú Fuinnimh agus foilsíodh iad san *Iris Oifigiúil*.

### 3. AN PRÓISEAS UM ATHSCÁLÚ LIPÉAD

Leis an Rialachán maidir le Lipéadú Fuinnimh bunaíodh idirthréimhse 4 mhí nuair a thugtar isteach lipéad athscálaithe. Le linn na tréimhse sin, ní mór do sholáthróirí an seanlipéad agus an lipéad nua araon agus an bhileog faisnéise faoin táirge a sholáthar. Ní mór do dhéileálaithe seanlipéid atá ar taispeáint a athsholáthar laistigh de 14 lá oibre ón dáta a sonraíodh i ngníomh tarmlichte gach táirge. Ní mór ábhar teicniúil le haghaidh fógraíochta a nuashonrú freisin. Mheas formhór na ndéileálaithe (63 %) a d'fhreagair an suirbhé a rinneadh ag tacú leis an tuarascáil seo go raibh an próiseas athlipéadaithe éasca nó an-éasca. Tharraing roinnt comhlachas monaróirí (e.g. táirgí soilsithe) aird ar dhúshláin a bhaineann le lipéid a athrú nuair atá táirgí faoi bhealach cheana féin nó i gcás táirgí a cuireadh ar an margadh roimhe sin.

Féadfaidh tomhaltóirí táirgí a fháil in éineacht le dhá lipéad le linn na hidirthréimhse sin, an ceann neamh-athscálaithe agus an ceann athscálaithe. Is annamh a bhíonn na lipéid sin inchomparáide toisc gur minic a athraíonn na modhanna tástála agus ríofa, agus go méadaíonn déine an scála. Mar shampla, féadfar táirgí a bhí A+++ roimhe seo a rátáil mar B nó C faoin scála nua. B'fhacthas don Rialachán maidir le Lipéadú Fuinnimh go bhféadfadh an t-athrú lipéid a bheith dúshlánach do thomhaltóirí, do sholáthróirí agus do dhéileálaithe, agus dá bhrí sin chuir sé de cheangal ar na Ballstáit feachtais faisnéise a sheoladh. Eagraíodh cuid de na feachtais sin faoi thionscadail a fuair maoiniú ón Aontas, tionscadail amhail Label2020<sup>(19)</sup>, Belt<sup>(20)</sup> agus Compliance Services<sup>(21)</sup>. Thuairiscigh roinnt Ballstát for-rochtain mhaith, ach chuir Ballstáit eile in iúl na dúshláin a bhí ann

---

<sup>(19)</sup> [LABEL2020](#).

<sup>(20)</sup> [BELT](#).

<sup>(21)</sup> <https://www.product-compliance-services.eu>.

maidir leis na chéad lipéid athscálaithe a thabhairt isteach mar gheall ar shrianta COVID-19.

#### 4. AN BUNACHAR SONRAÍ TÁIRGÍ

Céim chun cinn i dtéarmaí dhigitiú Lipéad Fuinnimh an Aontais ab ea ceann de phríomhghnéithe athbhreithniú 2017. Le hAirteagal 12 den Rialachán maidir le Lipéadú Fuinnimh, cuireadh de chúram ar an gCoimisiún bunachar sonraí (EPREL) a bhunú agus a choinneáil ar bun ina mbeadh cuid phoiblí, cuid chomhlíontachta agus tairseach ar líne lena dtabharfaí rochtain ar an dá chuid. Ba iad na cuspóirí (i) tacú le húdarais faireachais margaidh, (ii) faisnéis faoi tháirgí a cuireadh ar an margadh a sholáthar don phobal agus (iii) faisnéis cothrom le dáta a sholáthar don Choimisiún chun athbhreithniú a dhéanamh ar an reachtaíocht um lipéadú. Is ann don bhunachar sonraí sin sa lá atá inniu ann tar éis móriarracht chomhoibríoch ón gCoimisiún, ó mhonaróirí agus ó pháirtithe leasmhara, tá thart ar dhá mhilliún múnla ann agus tugadh cuairt air 6,6 milliún uair in 2025.

##### 4.1. Cur chun feidhme

Bhíothas in ann táirgí a chlárú le haghaidh monaróirí in am do na chéad lipéid athbhreithnithe in 2019, agus fuair údarais um fhaireachas margaidh rochtain air go luath ina dhiaidh sin. Tá seirbhís deisce cabhrach ar fáil ó lainseáladh é chun cabhrú le clárú. Is minic a thugann comhlachais ghnó an Aontais cuidiú dá gcomhaltaí leis an gcúram sin. Bhí an chuid phoiblí de EPREL inrochtana trí chóid QR ó mhí an Mhárta 2021 nuair a bhí na chéad lipéid táirgí athscálaithe infheidhme. Ó 2022 i leith, tá go leor gnéithe á dtairiscint ag comhéadan cuardaigh EPREL (amhail scagairí roghnúcháin agus sórtáil). Tá an tairseach ar líne le haghaidh rochtain phoiblí ar EPREL dá dtagraítear in Airteagal 12 agus in Iarscríbhinn I pointe 2 den Rialachán maidir le Lipéadú Fuinnimh i bhfeidhm ó mhí Aibreáin 2022<sup>(22)</sup>.

Leagadh amach sa rialachán cur chun feidhme a glacadh in 2024<sup>(23)</sup> tuilleadh sonraí oibríochtúla do EPREL, *inter alia* soiléiriú a dhéanamh ar na rialacha maidir le faisnéis íogair a bhainistiú agus fíorú éigeantach soláthróirí a thabhairt isteach trí shínithe agus séalaí e-IDAS a úsáid.

Agus EPREL á chur chun feidhme aige, bhí sé d'aidhm ag an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

- an t-ualach riaracháin ar sholáthróirí a íoslaghdú trí bhulc-chlárúcháin, trí sheirbhísí comhéadain feidhmchláir (API)<sup>(24)</sup> agus trí lipéid agus bileoga faisnéise faoi tháirgí a ghiniúint go huathoibríoch i dteangacha oifigiúla uile an Aontais;
- comhlíonadh na n-oibleagáidí a éascú maidir le lipéid fuinnimh agus faisnéis faoi tháirgí a thaispeáint ar líne (íoslódáil API)

---

<sup>(22)</sup> <https://energy-efficient-products.ec.europa.eu/>.

<sup>(23)</sup> [Rialachán Cur Chun Feidhme \(AE\) 2024/994](#).

<sup>(24)</sup> Soláthraíodh thart ar 1000 eochair API go dtí seo, do dhéileálaithe den chuid is mó (54 %), ach do sholáthróirí, do thaighdeoirí, d'innill chuardaigh, etc. freisin.

- úsáid ag tomhaltóirí aonair, bulc-cheannaitheoirí agus ceannaitheoirí poiblí agus údaráis phoiblí a éascú chun na haicmí éifeachtúlachta is mó a phobalaítear a shainaithint

Ba dhíol sásaimh do mhonaróirí nach gceanglaítear leis na gníomhartha tarmlichte atá sonrach ó thaobh an táirge de bileoga faisnéise *clóite* faoi tháirgí a sholáthar go córasach (faoi rogha mhalartach dá bhforáiltear le hAirteagal 3(1) den Rialachán maidir le Lipéadú Fuinnimh, atá ar fáil trí EPREL ina ionad sin.

Cuireann EPREL ar chumas aon duine faireachán a dhéanamh freisin ar fhorbairtí sna margai le haghaidh clárúcháin múnlaí táirgí a bhfuil lipéad fuinnimh orthu. Mar sin féin, ní cheanglaítear leis an Rialachán maidir le Lipéadú Fuinnimh ar sholáthróirí sonraí díolacháin a sholáthar le haghaidh múnlaí, mar sin bíonn gá le faisnéis bhreise de ghnáth chun meastachán a dhéanamh ar an sciar den mhargadh atá ag múnlaí – agus chun a shuí an gá athbhreithniú lipéid a spreagadh.

Deir na húdaráis náisiúnta um fhaireachas margaidh go laghdaíonn EPREL an t-am agus an iarracht a chaitear chun comhlíontacht a sheiceáil.

Is trí chóid QR ar lipéid seachas tríd an suíomh gréasáin is mó a fhaightear rochtain ar an mbunachar sonraí. Deimhnítear le sonraí ó shuirbhé agus aiseolas ó údaráis náisiúnta nach bhfuil EPREL ar eolas go forleathan ag an bpobal nó ag na ceannaitheoirí soláthair phoiblí go fóill. Tá bunachair sonraí táirgí chomhchosúla le haghaidh táirgí a bhaineann le fuinneamh ann i réigiúin eile den domhan (e.g. sna Stáit Aontaithe<sup>(25)</sup>, sa tSín<sup>(26)</sup>, i gCeanada<sup>(27)</sup> agus san Astráil<sup>(28)</sup>).

## 4.2. Costais agus tairbhí EPREL

Chaith an Coimisiún EUR 9,5 milliún chun EPREL a bhunú agus a choinneáil ar bun idir 2017 agus 2024. Mhéadaigh an buiséad oibríochtúil bliantúil go EUR 1,9 milliún in 2024. Leis an gcostas aonuaire EUR 3 mhilliún a rabhthas ag dréim leis chun EPREL a chur ar bun agus leis an mbuiséad cothabhála bliantúil EUR 300 000, rinneadh na riachtanais a mheas faoina luach. Tharla sé sin go príomha toisc gur bunaíodh na figiúirí sin ar mheastacháin le haghaidh bunachar sonraí trealamh raidió<sup>(29)</sup> ina raibh i bhfad níos lú clárúchán agus páirtithe clárúcháin agus gan an chuid d'EPREL atá inrochtana don phobal. Ar deireadh, bhí i bhfad níos mó clárúchán ag EPREL ná mar a bhíodhas ag dréim leo sa mheasúnú tionchair. Tharla sé sin i bpáirt mar gheall ar an gcinneadh a rinneadh níos déanaí boinn a áireamh in EPREL (arb ionann iad agus 13 % de chlárúcháin uile EPREL). Ar deireadh, níor beartaíodh fíorú e-IDAS ar dtús ach fuarthas amach ina dhiaidh sin go raibh gá leis chun sláine na clárlainne a áirithiú agus bhí costais forbartha aonuaire bhreise i gceist leis.

Tá tuairimí éagsúla ann i measc na soláthróirí a cuireadh faoi agallamh sa suirbhé maidir le cé acu a mbíonn costas comhlíontachta foriomlán níos airde nó níos ísle ann mar thoradh ar EPREL i gcomparáid leis an am a chuaigh thart. Thuairiscigh 38 % go bhfuil méadú

<sup>(25)</sup> <https://www.regulations.doe.gov/ccms>; <https://www.energystar.gov/products>.

<sup>(26)</sup> <https://www.energylabel.com.cn/>.

<sup>(27)</sup> [Liosta táirgí inchuardaigh | Natural Resources Canada](#).

<sup>(28)</sup> [Rátáil Fuinnimh — Cuardaigh an Bunachar Sonraí Clárúcháin](#).

<sup>(29)</sup> [Doiciméad Inmheánach Oibre \(2012\) 329](#).

tagtha ar na costais a bhaineann le comhlíonadh – lena n-áirítear am, speansais airgeadais agus acmhainní foirne. Thug 28 % le fios gur tháinig laghdú ar chostais i gcomparáid leis an tréimhse roimh 2019. Luaigh an 33 % eile nár tháinig aon athrú ar na costais. Iontrálann formhór na monatóirí sonraí iad féin, agus déanann an ceathrú cuid de na soláthróirí a cuireadh faoi agallamh cúraimí clárúcháin a sheachfhoinsiú<sup>(30)</sup>. Is féidir le déileálaithe rochtain a fháil ar fhaisnéis EPREL saor in aisce agus lipéid chlóite a fháil ó sholáthraí. Tuairiscítear leibhéal níos airde sástachta leis an mbeartas ó dhéileálaithe ná ó sholáthraithe ach tugann siad le fios go bhfuil an chothroime iomaíochta in easnamh de bharr margaí ar líne.

## 5. FAIREACHAS MARGAIDH AGUS FORFHEIDHMIÚ

Tá faireachas margaidh sa Mhargadh Aonair bunaithe ar an Rialachán maidir le Faireachas Margaidh (Rialachán (CE) Uimh. 765/2008) a bhfuil feidhm aige freisin maidir le táirgí faoin Rialachán maidir le Lipéadú Fuinnimh. Neartaigh an Rialachán maidir le Lipéadú Fuinnimh na forálacha ginearálta sin in 2017 le i) forálacha chun comhar a spreagadh idir Údaráis náisiúnta um Faireachas Margaidh ii) soiléiriú ar conas déileáil le táirgí a mbaineann riosca leo agus iii) nós imeachta um choimirce (nár úsáideadh go dtí seo) de chuid an Aontais. Le hAirteagal 7(4) den Rialachán maidir le Lipéadú Fuinnimh, cuireadh d'oibleagáid ar na Ballstáit rialacha maidir le pionóis agus sásraí forfheidhmiúcháin a leagan síos agus fógra a thabhairt faoi na rialacha sin faoin 1 Lúnasa 2017 i gcás nár tugadh fógra fúthu roimhe sin faoin Treoir maidir le Lipéadú.

Braitheann comhlíonadh na reachtaíochta maidir le táirgí fuinneamhéifeachtúla ar fhéindearbhu go príomha<sup>(31)</sup>. Chuige sin, tá gá le leibhéal leordhóthanach faireachais margaidh agus forfheidhmithe chun iomaíocht chóir a áirithiú agus chun an coigilteas fuinnimh a bhfuiltear ag dréim leis a bhaint amach. Is cumhacht eisiach de chuid na n-údarás náisiúnta é faireachas margaidh, ach soláthraíonn an tAontas tacaíocht airgeadais: idir 2017 agus 2024, soláthraíodh breis agus EUR 20 milliún le haghaidh gníomhaíochtaí náisiúnta faireachais margaidh agus tacaíocht cur chun feidhme níos leithne trí Fhís Eorpach, Clár an Mhargadh Aonair agus LIFE. A mhéid a bhaineann le reachtaíocht faoi táirgí fuinneamhéifeachtúla a chomhlíonadh maidir le táirgí a thagann isteach i margadh an Aontais, bhí rialuithe custaim ar theorainneacha seachtracha an Aontais fós teoranta agus, dá réir sin, níor aimsíodh ach líon ísal cásanna neamhchomhlíontachta.

Tugtar le fios i bhfianaise ó ghníomhaíochtaí arna gcistiú ag an Aontas, ó sheiceálacha na mBallstát agus ó thuarascáil speisialta 2020 ó Chúirt Iniúcháirí na hEorpa<sup>(32)</sup> go bhfuil leibhéal neamhchomhlíonta leanúnacha agus shuntasacha ann (go háirithe ag siopaí ar líne). Is minic a theipeann ar shuíomhanna gréasáin comparáide praghsanna freisin an fhaisnéis a cheanglaítear a thaispeáint go hiomlán. I nGníomhaíocht Chomhbheartaithe EEPLIANT 3<sup>(33)</sup>, arna maoiniú ag an Aontas agus a raibh 24 údarás faireachais náisiúnta rannpháirteach inti, suíodh i gcleachtadh rioscabhunaithe neamhionadaíoch maidir le sé ghrúpa táirgí<sup>(34)</sup> go raibh 82 % de na táirgí i siopaí agus 97 % de na táirgí i siopaí ar líne a raibh saincheistanna beaga nó móra ag baint leo maidir le taispeáint an lipéid, dearbhú

<sup>(30)</sup> Anailís le haghaidh thionscadal sheirbhísí EPREL arna chistiú faoi LIFE, Bealtaine 2025 (nár foilsíodh).

<sup>(31)</sup> Tá deimhniú ag tríú páirtí éigeantach le haghaidh coirí.

<sup>(32)</sup> [Tuarascáil Speisialta 01/2020](#).

<sup>(33)</sup> [EEPLIANT3 Public Report Final.pdf](#).

<sup>(34)</sup> Aerchóiritheoirí, soilsiú, triomadóirí rothlaim, téitheoirí uisce, téitheoirí spáis agus aerálaithe.

comhréireachta nó doiciméadacht theicniúil (dá bhrí sin, ag cumhdach na doiciméadachta uile lena n-áirítear faoin éicidhearthóireacht, seachas le haghaidh lipéadaithe amháin). Bhí neamhchomhlíonadh ar líne ina shaincheist ar leith d'fhoinsí solais<sup>(35)</sup>. Ní i gcónaí a chiallaíonn sonraí a bheith in easnamh nó mícheart ar lipéid, ar bhileog faisnéise faoin táirge nó ar dhoiciméadacht theicniúil eile go bhfuil táirge neamhchomhlíontach. Tá gá le tástáil saotharlainne i saotharlanna creidiúnaithe chun neamhchomhlíonadh a shuí agus is rud costasach é (EUR 1 000-10 000 in aghaidh an mhúnla de ghnáth, níos mó le haghaidh táirgí móra nó casta). Bhí saincheisteanna feidhmíochta fuinnimh os cionn an leibhéil lamháltais ag 43 % de na 265 tháirge a ndearnadh tástáil saotharlainne orthu i dtionscadal fíoraithe comhlíontachta EEPLIANT 3. Is deacair leibhéal foriomlán an neamhchomhlíonta sa mhargadh aonair a mheas, áfach, ós rud é go mbíonn seiceálacha rioscabhunaithe beagnach i gcónaí agus go ndíríonn Údaráis um Fhaireachas Margaidh na hacmhainní teoranta atá acu ar na táirgí a bhfuiltear ag dréim le formhór na bhfadhbanna ina leith. Ní féidir na torthaí a eachtarshuí chuig gach grúpa táirgí ná ar fud an Aontais.

Bhí an líon iomlán táirgí a ndearnadh cigireacht orthu in aghaidh na bliana faoin gcreat sin idir 10-100 i roinnt Ballstát agus suas le 24 000 in Éirinn agus 73 000 sa Ghearmáin in 2024. Bhain formhór na gcásanna le seiceálacha doiciméad i siopaí agus ar líne agus níor bhain ach roinnt díobh le grinnseiceálacha feidhmíochta. Mar a cheanglaítear faoin Rialachán maidir le Faireachas Margaidh, ó dheireadh 2025 ar aghaidh rinne na Ballstáit 3 147 gcás de ghrinn-chigireachtaí, faoin Rialachán maidir le Lipéadú Fuinnimh<sup>(36)</sup>, a ionchódú i mbunachar sonraí ICSMS ó 2017 i leith (ar chásanna neamhchomhlíontachta 57 % díobh). Sheol an Coimisiún dhá imeacht um shárú i lár 2025 in aghaidh na Portaingéile agus na Rómáine toisc nár thuairiscigh siad aon mhionseiceáil in 2023 agus sheol sé tuairim réasúnaithe chuig an bPortaingéil i mí na Samhna 2025.

Tá trasnasc ag 450 múnla táirge idir ICSMS agus EPREL, agus ba cheart cigireachtaí a dhéanamh níos éifeachtaí dóibh siúd dá bharr. Go dtí seo, baineadh úsáid as rogha d'úsáideoirí aon fhadhb le múnlaí cláraithe nó le faisnéis ghaolmhar a thuairisciú go héasca in EPREL i gcás 3 300 clárúchán múnlaí. Is minic a oibríonn ardáin mhóra ar líne i gcomhar le chéile chun táirgí neamhchomhlíontacha a bhaint, ach níl freagrachtaí orthu féin maidir le taispeáint lipéad agus leis an raon leathan táirgí a thairgtear méadaíodh ar an gcúram forfheidhmiúcháin foriomlán freisin.

Lainseáil an Coimisiúin an Líonra Eorpach um Chomhlíonadh Táirgí (EUPCN) faoin Rialachán maidir le Faireachas Margaidh in 2021. Bhunaigh sé an chéad saoráid tástála de chuid an Aontais le haghaidh éicidhearthóireachta agus lipéadú fuinnimh in 2024<sup>(37)</sup>. Áirithíonn an Coimisiún agus na Ballstáit go comhpháirteach nach ndéantar aithris ar an lipéad fuinnimh le haghaidh táirgí nach gcumhdaítear le bearta tarmlichte ná le haghaidh táirgí neamhfhuinnimh agus, i ndáil leis sin, chuaigh siad i dteagmháil go háirithe leis an tionscal taobh thiar de lipéad uisce aontaithe deonach chun a dhearadh a oiriúnú<sup>(38)</sup>.

---

<sup>(35)</sup> [Staidéar siopadóireachta ar líne – CLASP.](#)

<sup>(36)</sup> Tuigtear gurb é atá i gceist le mionseiceálacha seiceálacha saotharlainne agus seiceálacha doiciméad d'fhonn a mheasúnú an nach bhfuil táirge comhlíontach.

<sup>(37)</sup> [Cinneadh Cur Chun Feidhme \(AE\) 2024/1456 ón gCoimisiún.](#)

<sup>(38)</sup> [Lipéad Uisce Aontaithe.](#)

## 6. AN LIPÉAD MAR UIRLIS LE HAGHAIDH MARGAÍ CEANNASACHA DO THÁIRGÍ ÉIFEACHTÚLA

Ceanglaítear le hAirteagal 7(2) den Rialachán maidir le Lipéadú Fuinnimh go ndíreofar aon dreasacht arna sholáthar ag na Ballstáit le haghaidh táirgí atá faoi réir lipéadú fuinnimh AE ar tháirgí sa dá aicme lipéid éifeachtúlachta fuinnimh is airde a phobalaítear úsáidtear go suntasach, nó ar aicmí níos airde. Is é an aidhm atá ann dreasachtaí ar thaobh an éilimh (amhail iasachtaí ar ús íseal, deontais, lacáistí cánach nó dearbháin) a dhíriú ar na táirgí is éifeachtúla, agus ar an gcaoi sin margadh ceannasach a chruthú do na táirgí sin.

Úsáidtear na critéir chéanna nó critéir an-chosúil i reachtaíocht eile freisin, lena n-áirítear ceanglais na Treorach maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh maidir le soláthar poiblí<sup>(39)</sup>, Tacsanomaíocht an Aontais<sup>(40)</sup> agus na rialacha CBL maidir le rátaí laghdaithe le haghaidh córais téimh éifeachtúla<sup>(41)</sup>. Cuireann ceithre Bhallstát den Aontas an ráta laghdaithe CBL i bhfeidhm ar an mbonn faoi láthair.

Bhí forálacha i dTreoir Réime 2010 maidir le Lipéadú cheana féin chun úsáid an lipéid a chur chun cinn mar bhonn le haghaidh margaí ceannasacha, ach le foirmlíú níos beaichte an chritéir agus le gné EPREL lenar féidir léargas éasca a fháil ar an dáileadh ar fud aicmí aon fho-roghnúcháin táirgí, éascaítear oibríochtú na mbeartas sin. Is féidir leis an gCoimisiún agus leis na húdaráis náisiúnta EPREL a úsáid chun an critéir in Airteagal 7(2) den Rialachán maidir le Lipéadú Fuinnimh a chur i bhfeidhm le cuardach simplí in EPREL mar thúsphointe, rud a laghdaíonn an gá le suirbhéanna margaidh dílsithe agus a threisíonn an iomaíocht le trédhearcacht an mhéid a chuirtear ar an Margadh Aonair. Chun tacú le cur i bhfeidhm an chritéir, chuir an Coimisiún treoraíocht i láthair maidir leis sin<sup>(42)</sup>.

## 7. ÉIFEACHTACHT NA LIPÉAD NUA

### 7.1. Tuiscint ar na lipéid nua

Deir formhór na dtomhaltóirí a cuireadh faoi agallamh don suirbhé go dtuigeann siad lipéid agus dúirt níos mó ná 90 % go bhfuair siad go raibh an lipéad agus a eilimintí (an-éasca) éasca a thuiscint. Níor thuairiscigh níos mó ná 10 % de fhreagróirí an tsuirbhé go raibh sé deacair cúpla picteagram a bhí sonrach ó thaobh an táirge de a thuiscint. Is dócha go bhfuil an toradh dearfach sin ann toisc go ndéantar dearaí lipéid a thástáil go ginearálta sula moltar iad. Mheas 77-87 % de thomhaltóirí a ndearnadh suirbhé orthu go raibh an méid ceart faisnéise ar lipéad. Bhraith an chuid eile go raibh an fhaisnéis iomarcach nó go raibh sí neamhleor (nó ní raibh aon tuairim acu). Ar an iomlán, ní léiríonn na torthaí sin aon fhianaise ar ró-ualach faisnéise ná ar fhaisnéis neamhleor.

Dúirt 62 % de thomhaltóirí sa suirbhé gur bhain siad úsáid as an bpríomhfaisnéis a bhaineann le fuinneamh ag barr an lipéid. Dúirt 37 % gur bhain siad úsáid freisin as na picteagraim nár bhain le fuinneamh sa chuid íochtarach. Is é is dóichí go ndéarfadh ceannaitheoirí a cheannaigh earraí bána le déanaí gur bhain siad úsáid as an lipéad fuinnimh agus a gcinneadh ceannaigh á dhéanamh acu (thart ar 90 % díobh siúd a chonaic an lipéad). Chuidigh an lipéad le ceannaitheoirí cuisneoirí tráchtála in 80 % de chásanna

---

<sup>(39)</sup> [Treoir \(AE\) 2023/1791](#).

<sup>(40)</sup> [Rialachán \(AE\) 2023/2486](#).

<sup>(41)</sup> [Treoir \(AE\) ón gComhairle 2022/542](#).

<sup>(42)</sup> [https://energy-efficient-products.ec.europa.eu/consumers\\_en#what-does-significantly-populated-mean](https://energy-efficient-products.ec.europa.eu/consumers_en#what-does-significantly-populated-mean).

agus le 70 % de cheannaitheoirí teilifíseán agus monatóirí, i gcás ina bhfuil critéir feidhmíochta amhail taifeach nó méid scáileáin tábhachtach i gcinntí ceannaigh.

## 7.2. Tionchar ar infhaighteacht táirgí inacmhainne éifeachtúla

Fuarthas amach i dtuarascáil ó 2021 maidir le caighdeáin éifeachtúlachta fearas agus lipéadú<sup>(43)</sup> ón nGníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh (IEA) go méadaíonn ceanglais feidhmíochta fuinnimh agus lipéadú an ráta foluiteach feabhais i gcás samhlacha nua faoi fhachtóir a dó nó a trí. Is ionann sin agus méadú ar mheánéifeachtúlacht an stoic iomláin le himeacht ama. Tugann IEA dá aire gur gnách go dtagann laghdú 2-3 % in aghaidh na bliana ar mheánphraghsanna ceannaigh mar gheall ar iomaíocht (tar éis méadú gairid a dhéanamh nuair a thagann rialacha nua i bhfeidhm), ach go mbíonn éagsúlacht sna laghduithe ar phraghsanna a tugadh faoi deara i gcás táirgí éagsúla, rud a léiríonn an leibhéal iomaíochta in aon mhargadh ar leith. Is meastacháin dhomhanda iad na meastacháin sin, fuarthas amach i meastóireacht a rinneadh le déanaí ar fholúsghlantóirí san Aontas go raibh laghdú bliantúil 1 % ar phraghsanna ceannaigh le linn na tréimhse ina raibh an lipéad i bhfeidhm. Deimhníodh i dtaighde a foilsíodh le déanaí go bhfuil Lipéad Fuinnimh an Aontais éifeachtach maidir leis an gcuspóir comhshaoil roghanna tomhaltóirí a athrú, agus fuarthas amach go bhfuil iomaíocht ar thaobh an tsoláthair ina príomhspreagadh do choigeartú an mhargaidh a bhuí le patrún praghsanna atá ag titim de réir mar a thagann méadú ar an iontráil agus de réir mar a thosaíonn níos mó táirgeoirí ag tairiscint táirgí ag na haicmí lipéid níos airde, rud a ghineann barrachas tomhaltóirí agus a spreagann tuilleadh nuálaíochta freisin<sup>(44)</sup>.

Chun a ráthú go mbeidh éifeacht nuálaíochta ann, deir an Rialachán maidir le Lipéadú Fuinnimh, i gcás ina ndéantar lipéad a thabhairt isteach nó a athscálú, go n-áiritheoidh an Coimisiún nach mbeifear ag súil go mbeidh aon táirge in aicme fuinnimh A tráth a dtabharfar isteach an lipéad sa dóigh go mbeidh tréimhse mheasta 10 mbliana ann ar a laghad, sula gcuimseofar formhór na múnlaí san aicme sin. Léiríonn sonraí EPREL go bhfuil forbairt mhór tagtha ar dháileacháin aicmí le haghaidh foinsí solais, fearais chuiseáin, teilifíseáin agus miasniteoirí i gcomhréir leis na ceanglais sin ó 2019 i leith. Mar sin féin, bhain 90 % de na meaisíní níos áine atá cláraithe in EPREL aicme A amach laistigh de 6 bliana ón athbhreithniú. Os a choinne sin, tá forbairt níos moille tagtha ar fheidhmíocht taispeánta leictreonacha ná mar a bhíodas ag dréim agus tá siad braislithe sna bunaicmí (tá 25 % de na múnlaí in aicme G)<sup>(45)</sup>.

Tháinig méadú 50 % ar an sciar den mhargadh a bhí ag meaisíní níos áine den aicme is fearr in 2024 de réir anailís mhargaidh neamhspleách<sup>(46)</sup>. Tugtar le fios i dtaighde acadúil atá bunaithe ar shonraí margaidh iarbhir ó 2021 gur mhéadaigh an lipéad athscálaithe

<sup>(43)</sup> [IEA 2021 Caighdeáin agus Cláir Lipéadaithe um Fhearas agus Trealamh Éifeachtúlachta Fuinnimh.](#)

<sup>(44)</sup> Anne Kesselring, Energy labels in the European Union: Consumer inattention and producer responses, Energy Economics, Imleabhar 144, 2025, ISSN 0140-9883, <https://doi.org/10.1016/j.eneco.2025.108275>.

<sup>(45)</sup> Tá meastóireacht ar an rialachán tarmligthe maidir le taispeánta ar siúl faoi láthair. Is dócha go mínítear le roinnt tosca casta an fáth a bhfanann samhlacha sna haicmí is ísle feidhmíochta (lena n-áirítear rogha na dtomhaltóirí agus na monatóirí maidir le scáileáin ar mhéideanna móra agus ar thaifeach ard).

<sup>(46)</sup> Ionchas Margaidh GfK 2024.

toilteanas daoine íoc as cuisneoirí ard-rátaithe i gcomparáid leis an lipéad roimhe sin nár tuigeadh chomh maith céanna<sup>(47)</sup>).

## 8. CONCLÚID

Leagadh bunchloch síos leis an Rialachán maidir le Lipéadú Fuinnimh le haghaidh lipéid nuachóirithe a d'oibrigh go maith go dtí seo, ach níl an t-aistriú curtha i gcrích go fóill. Rinneadh athbhreithniú go dtí seo ar sé cinn de na 15 lipéad grúpa táirgí, agus tugadh dhá lipéad nua isteach faoin gcreat sin. Laghdaigh timthriallta fada athbhreithnithe na ngníomhartha tarmlichte atá sonrach ó thaobh an táirge de tionchar foriomlán an chreata beartais go dtí seo. Déanann forfheidhmiú náisiúnta neamhleor ar an margadh agus ardleibhéil neamhchomhlíonta i gcodanna áirithe den mhargadh ar a laghad (go háirithe ar líne) an chothroime iomaíochta a shaobhadh agus coigilteas fuinnimh réamh-mheasta a laghdú.

Tá athrú suntasach tagtha ar an gcomhthéacs beartais níos leithne ó 2017 i leith ann mar thoradh ar (i) an méadú ar dhíolacháin ar líne, (ii) spriocanna an Aontais maidir leis an athrú aeráide, (iii) an gealltanais domhanda éifeachtúlacht fuinnimh a dhúbailt faoi 2030 agus (iv) an bhéim ar iomaíochas sa Tuarascáil maidir le todhchaí iomaíochas na hEorpa agus i straitéis an mhargaidh aonair agus, le déanaí, iarrachtaí maidir le hinacmhainneacht agus neamhspleáchas fuinnimh. Sa chomhthéacs sin, tá lipéid fuinnimh fós ábhartha. Na grúpaí geallsealbhóirí ábhartha uile a d'fhreastail ar an idirphlé cur chun feidhme maidir leis an reachtaíocht<sup>(48)</sup> i ndáil le táirgí fuinnimh i mí Dheireadh Fómhair 2025, leag siad béim ar an ról atá ag an reachtaíocht maidir le táirgí fuinnimh (lena n-áirítear an Rialachán maidir le Lipéadú Fuinnimh) maidir le héifeachtúlacht fuinnimh, inacmhainneacht agus iomaíochas thionscal an Aontais a chur chun cinn, ach chuir siad in iúl freisin go ndéanann neamhchomhlíonadh dochar don éifeachtacht.

Léiríonn an fhianaise atá ar fáil maidir leis an gcaoi a n-oibríonn lipéid go bhfuil acmhainneacht níos mó fós ag Lipéid Fuinnimh an Aontais blianta fada tar éis iad a cheapadh chun an úsáid fuinnimh a laghdú agus gur féidir leo cur le haidhmeanna beartais eile freisin. Le clárann táirgí EPREL le haghaidh gach táirge a bhaineann le fuinneamh a bhfuil Lipéad Fuinnimh an Aontais aige, tugtar deis léi le haghaidh níos mó trédhearcachta sa mhargadh agus le haghaidh ceapadh beartais fianaisebhunaithe. Mar sin féin, níl EPREL aitheanta go forleathan go fóill ná ní úsáidtear é mar lipéad ann féin agus d'fhéadfaí níos mó úsáide a bhaint as freisin chun tacú le comhlíontacht agus faireachas margaidh. Is é is aidhm do na modhnuithe ar an togra *omnibus* a cuireadh i láthair i gcomhthráth leis an tuarascáil seo saothrú níos fearr a dhéanamh na deiseanna sin agus an comhlíonadh a shimpliú freisin i gcás inar féidir, do sholáthróirí agus do mhiondíoltóirí.

---

<sup>(47)</sup> Corinne Faure, Marie-Charlotte Guetlein, Joachim Schleich, *Effects of rescaling the EU energy label on household preferences for top-rated appliances*, Energy Policy, Imleabhar 156, 2021, ISSN 0301-4215, <https://doi.org/10.1016/j.enpol.2021.112439>. Léiríodh sa staidéar céanna freisin nach méadaítear toilteanas íocaíochta tríd an dá lipéad a thaispeáint do thomhaltóirí (mar ab amhlaidh le linn idirthréimhse an Rialacháin maidir le Lipéadú Fuinnimh).

<sup>(48)</sup> [Idirphlé cur chun feidhme maidir le reachtaíocht táirgí fuinneamhéifeachtúla leis an gCoimisinéir Dan Jørgensen – Fuinneamh.](#)